



Uimhir Lárionaid

71

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2012–2013

Eolaíocht: Teastas Singil

Aonad 1 (Bitheolaíocht)

Bonnsraith

[GSS11]



DÉ LUAIN 12 SAMHAIN 2012, IARNÓIN

AM

1 uair an chloig.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **naoi** gceist.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceist 7.

Don Scrúdaitheoir amháin

Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	

Marc Iomlán



LEATHANACH BÁN

1 (a) Is planda é an tsailchuach uisce atá choir a bheith díofa.



© Crown copyright – The Department of the Environment (Northern Ireland)

Cad é an focal atá in úsáid le cur síos ar phlanda atá choir a bheith díofa?

Roghnaigh ó:

neamhleanúnach suanach i mbaol

_____ [1]

(b) Comhlánaigh an abairt thíos.

Roghnaigh ó:

uisce : ocsaigin : dé-ocsaíd charbóin : bia : dath

Tá sé tábhachtach plandaí a chaomhnú ar éag mar tugann siad

_____ agus _____ dúinn. [2]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc


Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

2 (a) Anseo thíos tá cuid de na próisis sa timthriall carbóin a bhfuil cur síos déanta orthu.

Úsáid líne le gach próiseas a nascadh leis an chur síos ceart.

Próiseas

Cur Síos



[2]

Tá méadú ar an de-ocsaíd charbóin agus mar gheall air sin, tá téamh domhanda ann agus tá sé ag dul i bhfeidhm ar achar an oighir thart ar na Poil.

Bliain	1998	1999	2000	2001	2002
Meánachar oighir/mílte km ²	10.3	10.2	8.8	7.2	5.4

Taispeánann an pictiúr thíos an dóigh a mbíonn oighear in úsáid ag béar bán agus é sa tóir ar bhia.




oighear

© Focus Educational Software

(b) Úsáid an fhaisnéis lena chur in iúl an dóigh a bhfuil téamh domhanda ag dul i bhfeidhm ar an bhéar bán.

[2]

Taispeánann an phíchart thíos roinnt foinsí dé-ocsaíd charbóin sa RA.



(c) Ríomh an céatadán de dhé-ocsaíd charbóin a tháirgtear agus leictreachas á ghiniúint. (Taispeáin do chuid oibre)


_____ % [2]

(d) Leis an dé-ocsaíd charbóin san aer a laghdú bíonn crainn á gcur. Baineann crainn dé-ocsaíd charbóin amach as an aer. Ainmnigh an próiseas seo.

_____ [1]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

3 (a) Taispeánann an léaráid córas atáirgthe na mban.



(i) Tarraing líne ar an léaráid ó X go dtí an ceirbheacs. [1]

(ii) Ainmnigh an áit ina ndéantar ubhán (ubh) a thoirchiú le speirm.

_____ [1]

(iii) Cad é an fheidhm atá leis na hubhagáin?


_____ [1]

(b) Taispeánann an tábla thíos cuid de na modhanna frithghiniúna atá in úsáid ag daoine atá 20 bliain d'aois agus ag daoine atá 40 bliain d'aois.

Modh frithghiniúna	Céatadán	
	Daoine 20 bliain d'aois	Daoine 40 bliain d'aois
piollaíre frithghiniúnach	27	22
coiscín fir	22	18
vaiseachtóime	8	20
aimridiú ban	6	14

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

- (i) Ar an eangach thíos tarraing **barrachairt** leis na modhanna frithghiniúna atá in úsáid ag daoine 40 bliain d'aois a léiriú.




[2]

- (ii) Luaigh an modh is lú a mbaineann **daoine 20 bliain d'aois** úsáid as agus tabhair fáth leis seo.

[2]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

4 (a) Tá Doireann ag fiosrú an méid fuinnimh atá i mbianna éagsúla.



© Science at work – Body Maintenance by L Mooney & A Rivers, published by Longman Publishing, 1992, reproduced by permission of Pearson Education Ltd. Further duplication other than for teaching and study is prohibited – Pearson Education Ltd, copyright holders.

(i) Luaigh **dhá** rud a rinne sí lena chinntiú go mbeadh an t-imscrúdú bailí (ina thriail chothrom).

1. _____

2. _____ [2]

Tástálann Doireann 3 bhia atá lipéadaithe **A**, **B** agus **C**. Taispeántar na torthaí a fuair sí sa tábla thíos.

Bia	Teocht ag an tús/°C	Teocht ag an chríoch/°C	Ardú teochta/°C
A	18	25	7
B	19	51	32
C	17	30	13

Is iad seo na 3 bhia a tástáladh:

Práta domhainfhriochta (sceallóga)

Práta bÁCáilte

Cabáiste bruite

(ii) Úsáid an liosta lena lua cé acu ceann de na 3 bhia ar cuireadh an lipéad **B** air agus mínigh an rogha agat.

_____ [2]

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

(b) Anseo thíos tá ráitis áirithe ar bhia. Cuir tic (✓) in aice le ráiteas amháin atá ceart maidir le **próitéin**.


Is foinse mhaith iad líomóidí agus oráistí

Úsáidtear í le haghaidh fáis agus deisithe

Is féidir leis an iomarca di na hartairí corónacha a bhlocáil

[1]

(c) Rinne dalta gealacán uibhe a thástáil le 3 cheimiceán dhifriúla lena fháil amach cad é an príomhchineál bia atá ann. Tugtar an dath roimh gach tástáil agus ina diaidh sa léaráid thíos.



Úsáid an léaráid agus do chuid eolais féin leis na ceistanna thíos a fhreagairt.

(i) Ainmnigh an ceimiceán a úsáidtear le tástáil a dhéanamh le haghaidh siúcraí.


_____ [1]

(ii) Ainmnigh an príomhchineál bia i ngealacán uibhe. Mínigh do fhreagra.

 _____ [2]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

5 (a) Taispeánann an graf leibhéal na hinsline agus an glúcóis san fhuil.



(i) Úsáid an graf le cur síos a dhéanamh ar dhifríocht **amháin** idir tiúchan an ghlúcóis agus tiúchan na hinsline san fhuil.

_____ [1]

(ii) Mínigh an dóigh a gcuireann an graf in iúl go scaoiltear inslin isteach san fhuil mar gheall ar mhéadú ar an ghlúcós.

 _____ [1]

(b) Is teachtaire ceimiceach é inslin a iompraítear san fhuil go dtí an t-ae. Cad é an t-ainm ginearálta a thugtar ar theachtairí ceimiceacha?

Roghnaigh ó:

antasubstaintí fagaicítí hormóin

_____ [1]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

(c) Tarlaíonn Diaibéiteas Cineál 1 nuair nach dtáirgeann an corp go leor insline.

(i) Luaigh **dhá** chomhartha diaibéitis.

1. _____

2. _____ [2]

(ii) Déantar cóireáil ar Dhiaibéiteas Cineál 1 le hinstealltaí insline. Dá nglacadh duine barraíocht insline cad é a tharlódh do leibhéil an ghlúcóis.

_____ [1]

(d) Tá líon na ndéagóirí a bhfuil diaibéiteas Cineál 2 orthu ag ardú. Luaigh fáth **amháin** leis seo.


_____ [1]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

6 (a) Is í ailléil cheannasach (R) a fhágann go dtig le duine an teanga a rolladh.

(i) Comhlánaigh an léaráid thíos lena thaispeáint an dóigh ar féidir le beirt tuismitheoirí, a dtig leo an teanga a rolladh, páiste a bheith acu nach dtig leis sin a dhéanamh.



[3]

(ii) Cad é an dóchúlacht go mbeadh páiste acu nach dtig leis a theanga a rolladh?

_____ [1]

(b) Is sampla den éagsúlacht neamhleanúnach é rolladh teanga.


(i) Cad é a chiallaíonn an téarma **neamhleanúnach**?

_____ [1]

(ii) Luaigh sampla **amháin** eile den éagsúlacht neamhleanúnach


_____ [1]

(c) Rinneadh airde líon mór daoine a thaifeadadh agus taispeánann an graf seo na torthaí a fuarthas. Críochnaigh an líne atá breactha sa ghráf thíos.



[2]

7 Taispeánann an graf thíos an daonra ón bhliain 1300 go dtí an bhliain 2000.




Úsáid an graf agus do chuid eolais féin lena mhíniú cad chuige a bhfuil inní ann go bhfuil an Domhan i mbaol mar gheall ar mhéid an daonra.

Measúnófar thú ar chaighdeán na cumarsáide scríofa ar a n-áirítear úsáid saintearmaí eolaíochta sa cheist seo.

[6]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

8 (a) Taispeánann an léaráid an fearas a bhí in úsáid ag Louis Pasteur lena thaispeáint gur miocróib ón aer is cúis le héilliú bia.



(i) Míneigh ina iomláine an fáth ar fhan an t-anraith in **A** úr agus nár fhan an t-anraith in **B** úr.

[3]

(ii) Luaigh fáth **amháin** a raibh níos lú básanna ann mar gheall ar chneácha oscailte i ndiaidh fhionnachtain Pasteur.

[1]

(b) (i) Míneigh ina iomláine an fáth nach féidir galair amhail an fliú a leigheas le hantaibheathaigh.

[2]

(ii) Luaigh sampla **amháin** de ghalar ar féidir é a leigheas le hantaibheathaigh.

[1]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

9 (a) Comhlánaigh an tábla leis na difríochtaí idir gníomhú deonach agus gníomhú athfhillteach a thaispeáint.

Roghnaigh ó:

athraíonn sé : gasta : i gcónaí mar an gcéanna : mall

Difríochtaí	Deonach	Athfhillteach
luas freagartha		
freagairt ar spreagadh		

[2]

(b) Déan cur síos ar an chonair a ghlactar nuair a chlúdaímid ár gcluasa lenár lámha mar fhreagairt ar spreagthach de thorann láidir. Cuir 3 struchtúr den néarchóras san áireamh i do fhreagra.

[3]

(c) Cuir síos ar an éifeacht atá ag na rudaí seo a leanas ar luas na freagartha:

alcól. _____

cócaon. _____

[2]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.